**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**BRAINSE NA SCRÚDUITHE**

**S46T**

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002

# CLÓSCRÍOBH
(Ardleibhéal)

Dé hAoine, 31 Bealtainé, 9.30 r.n. - 11.40 r.n.

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 - 9.40 r.n. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7 rl, ach amháin sa Triail Chruinnis, (Ceist 1). Bainfear marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre in ord.

* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann dod obair chríochnaithe. Cuir 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* Ná cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos

1. **TRIAIL CHRUINNIS** (9.40 - 9.50)

2. **LITIR GHNÓ**

   2.1 Clóscríobh an litir seo sa bhfoirm cheart.

3. **RÁITEAS TÁBLAITHE**

   3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata i ndúch.

4. **FÓGRA**

   4.1 Clóscríobh agus taispeáin an fógra.

5. **FOIRM A DHRÉACHTADH**

   5.1 Dréachtaigh an fhoirm de réir treoracha

**<u>CEIST 1 - TRIAIL CHRUINNIS</u>** <u>(Deich nóiméad ceadaithe</u>)

- **Déan cóip charbóin ded chuid oibre.**
- **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill de 1".**
- **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**
- **Ní ghnóthófar breis marcanna má chlóscríobhtar an sliocht nó cuid de den dara huair.**
- **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin ded chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an triail chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

Tá an róthroime agus an raimhre an-choitianta i bhformhór de thíortha an Iarthair. Go deimhin fuair suirbhé Éireannach amach le gairid go bhfuil duine as gach beirt Éireannach fásta róthrom nó ramhar. Tá an róthroime ina cúis aitheanta le go leor galar. Mar sin féin is gné thábhachtach atá le cur san áireamh leibhéal folláine an choirp chomh maith le leibhéal na raimhre. Bealach maireachtála atá folláin agus gníomhach laghdaíonn sé an baol go dtitfear chun meáchain le himeacht ama, is buntáiste é do chláir laghdú meáchain agus tá sé riachtanach is cosúil chun laghdú meáchain a choinneáil.

Cuireann neamhghníomhaíocht agus leibhéil ísle folláine croí agus scamhóg le baol galar
croí chomh maith le brú fola ard, buairt agus duairceas. Is ábhar spéise é go dtugann roinnt staidéar le tuiscint fiú go gcuireann úsáid áras gleacaíochta breis meáchain ort! Tá dhá chúis leis sin de réir dealraimh. I dtosach báire cuireann an saothar le toirt na matán (atá níos troime ná an tsaill) fiú nuair a d'fhéadfá a bheith ag laghdú leibhéal saille an choirp. Sa dara cás braitheann go leor daoine tar éis dóibh a bheith san áras gleacaíochta go bhfuil rud deas tuillte acu agus ar deireadh itheann siad níos mó mar chúiteamh dóibh féin.

Le déanaí foilsíodh mionsuirbhé mór ar nósanna ithe, óil agus gníomhaíochta breis is1,300 duine fásta ar fud na hÉireann. Thuairiscigh sé go raibh na leibhéil ghníomhaíochta íseal i gcoitinne. Bhí rannpháirtíocht íseal i ngníomhaíochtaícaitheamh aimsire. Ba thearc iad gníomhaíochtaí fuinniúla. Ba í an tsiúlóid an ghníomhaíocht ba thábhachtaí mar ghníomhaíocht áineasa ag 42 faoin gcéad de na fir agus ag 60 faoin gcéad de na mná. Caitheadh an chuid is mó d'am scíthe daoine ag breathnú ar an teilifís áfach , idir fhir agus mhná.

**(25 marc)**

**CEIST 2 - LITIR GHNÓ**

CLÓSCRÍOBH AN LITIR SEO LE HAGHAIDH SEOLADH INNIU. TÁ ROINNT DEARMAD LITRITHE, PONCAITHE AGUS GRAIMÉIR NACH MÓR A CHEARTÚ. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH DE DHÍTH.

X

2 Meitheamh 2002

An tUasal Seán Ó hUaine
24 An Phríomhshráid
CILL ÁIRNE
Co Chiarraí

An tUasal Ó hUaine

Má tá baint agat le feirmeoireacht nó le talamhghnó is duitse an **Farmers Journal Diary and Directory.** Cuireann úsáideoirí leibhéal ard sástachta leis an **JOurnal diry and Directory** in iúl. Ní hiontas sin de bhrí gur táirge de chaighdeán ard é atá ceaptha le cur suas leis an strus agus straidhn a bhaineann le húsáid 365 - lá i ngnó na feirmeoireachta

Tugtar neart spáis i rannóg na Dialainne do gach lá (an satharn san áireamh!)

Is treoir chuimsitheach an rannóg Eolaí-Feirme do na huimhreacha fóin a bhaineann le feirreoireacht, thuaidh agus theas.

San áireamh fresn tá ainmneacha teagmhála agus sonraí oifigí Roinne, oigigí Teagasc, eagraíochtaí feirme etc.

Mar chuid dár nDialann mhór deisce atá furasta le léamh tá;

* Rannóg iontach do thaifid feirme a chuimsíonn tógáil eallaigh agus caorach, úsáid leasacháin, ceannach ainmhithe agus beatha ainmhithe.

* Rannóg taifead don uile fhiontar.

* Táblaí malartaithe.

Le hordú níl le déanamh ach an cúpón iniata a chomhlánú agus a chur chuig: Diary Directory 2002, Irish Farmers Journal, An Cloigín Gorm, baile Átha Cliath 12, nó glaoch saor in aisce ar ár líne phráinne 1800 696 696 le cárta creidmheasa.

Le dea-ghuí

Gina Hurley
Bainisteoir Foilseachán

X A chlóscríobhaí, Cuir tagairt isteach agus bain úsáid as JB/ do thúslitreacha féin

(20 marc)

**CEIST 3 - RÁITEAS TÁBLAITHE**

**AN RÁITEAS TÁBLAITHE A LEANAS A CHLÓSCRÍOBH AGUS A RIALÚ, LE DO THOIL. GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL LÁRNACH.**

Tábla 1.12

Éileamh Bliantúil Measta ar Fholúntais sa Gheilleagar (oodte)

1998 – 2003

| Carnáil | Fás | Laimbdeachas | Éileamh Iomlán |
|---|---|---|---|
| Lucht Bainistíochta | 6 | 5 | 11 |
| Lucht Gairmiúil | 7 | 16 | 23 |
| Lucht Comhghairmiúil | 3 | 6 | 9 |
| Lucht Lámhoillte | 4 | 16 | 20 |
| Lucht Cléireachais | 6 | 19 | 25 |
| Lucht Seirbhísí / Eile | 8 | 30 | 38 |
| Oibreoirí Táirgeachta | 3 | 31 | 34 |
| Saothraithe | 1 | 9 | 10 |
| Iomlán | 38 | 132 | 170 |

**(25 marc)**

CEIST 4 - FÓGRA

CLÓSCRÍOBH AGUS TAISPEÁIN GO HÉIFEACHTACH AN FÓGRA SEO A LEANAS.

LE HAGHAIDH NA SOLÁTHAIRTÍ PÁIPÉARACHAIS GHNÓ ATÁ UAIT

- Comhaid Bosca
- Leabhair Ticéad
- Leabhair Airgid
- Leabhair Cuntair
- Páipéar Concaire
- Clúdaigh Concaire (Dathanna Éagsúla)
- Páipéar Cóipeála
- Leabhair Cóipeála
- Clúdaigh (Réim de thomhais)
- Réamanna Páipéir A4 + A3 Daite + Bán
- Dúch, Ceapa Dúigh
- Leabhair Sonrasc
- Comhaid Stua-luamháin
- Rollaí Scipéid
- Clúdaigh Tuarastail
- Ticéid Ionteála

Is féidir ní ar bith atá uait a chur ar ordú

Tar isteach chugainn san oifig

(15 marc)

## CEIST 5 - FOIRM A DHRÉACHTADH

**Ó NA SONRAÍ A LEANAS DÉAN FOIRM OIRIÚNACH A DHRÉACHTADH. BAIN FEIDHM AS LÍNTE PONCAITHE NÓ LEANTACHA NUAIR IS CUÍ SIN. IS FÉIDIR BOSCAÍ, NUAIR A ÚSÁIDTEAR IAD, A RIANÚ DE LÁIMH NÓ LEIS AN GCLÓSCRÍOBHÁN.**

SCAIREANNA I GCUIDEACHTAÍ ÉAGSÚLA Á DTAIRISCINT ANOIS

FOIRM IARRATAIS

SONRAÍ PEARSANTA

SLOINNE - - - - - - - - - - - - - -

CÉAD AINM(NEACHA) - - - - - - - - - -

SEOLADH - - - - - - - - - - - -

UIMHIR TEL. - - - - - - - FEACS - - - -

CUR SÍOS AR AN GCUIDEACHTA

A Chlóscríobhaí - fág spás - Rianaigh 3 líne - le spásáil dhúbailte i gcomhair an cur síos ar an gcuideachta

TAISPEÁIN SNA BOSCAÍ THÍOS, LE DO THOIL, CÉN CHUIDEACHTA AR MHAITH LEAT INFHEISTIÚ INTI A B C D E F

☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐

(15 marc)